Iniúchtaí eolaíochta na bunscoile
https://rsc.li/3saccAU

# Briseadh na mbrioscaí

# Briseadh na mbrioscaí

**Déanfaimid an méid seo a leanas:**

Iniúchadh ar an gceist an solad nó leacht iad grabhróga briosca.



# Cuspóirí foghlama

## Tuiscint

- Táim in ann cur síos a dhéanamh ar airíonna solad.
- Táim in ann iniúchadh a dhéanamh ar airíonna solad.

## Scileanna taighde

- Táim in ann tuartha, breathnuithe agus comparáidí a dhéanamh.
- Táim in ann mo chuid scileanna breathnóireachta a úsáid chun dhá ábhar a chur i gcomparáid lena chéile.



# Foclóir áisiúil

- **Staideanna na n-ábhar:** solad, leacht nó gás.



- **Cáithnín:** aonad beag bídeach ábhair.



# Foclóir áisiúil

- **Solad:** ábhar ag a bhfuil toirt sheasta agus nach n-athraíonn a chruth.



  Mar shampla: oighear, adhmad agus plaisteach.



- **Leacht:** ábhar ag a bhfuil toirt sheasta agus atá in ann sreabhadh agus a ghlacann cruth a ghabhdáin.

  Mar shampla: uisce, sú agus laibhe.



- **Gás:** ábhar a scaipeann i ngach treo, agus a líonann a ghabhdán. Is féidir gáis a chomhbhrú.

  Mar shampla: ocsaigin, dé-ocsaíd charbóin agus nítrigin.



# Modh

- Déanaigí grabhróga briosca leis an trealamh a chuirtear ar fáil.

**Smaoinígí air seo a leanas...**

- Anois go bhfuil an briosca briste agaibh, cén difríocht atá ann?
- An solad nó leacht iad na grabhróga sin?






# Comparáid idir uisce agus grabhróga briosca

**Céard a fheiceann sibh?**

Cén chaoi a bhfuil an t-uisce agus na grabhróga briosca cosúil lena chéile?
Cén chaoi a bhfuil siad difriúil lena chéile?

**An bhfeiceann sibh píosaí beaga?**

An bhfuil na píosaí ar fad ar cóimhéid?



**Céard a tharlaíonn nuair a chlaontar an gabhdán?**

Cén chaoi a mbogann sé?
An féidir é a dhoirteadh?
An ndéantar carn de?

**Déanaigí iarracht é a dhoirteadh isteach i ngabhdáin a bhfuil cruth difriúil orthu.**

An nglacann sé cruth an ghabhdáin?




# Breathnuithe a thaifeadadh

| Grabhróga briosca | ***Scríobhaigí nótaí nó déanaigí léaráidí le lipéid chun na breathnuithe a thaifeadadh.*** | Uisce |
|---|---|---|
| | Céard a fheiceann sibh?<br>An bhfeiceann sibh cáithníní beaga? | |
| | Céard a tharlaíonn nuair a chlaontar an gabhdán? | |
| | Céard a tharlaíonn nuair a dhoirtear a bhfuil sa ghabhdán ar fhochupán? | |
| | An nglacann sé cruth an ghabhdáin? | |



# Céard a d'fhoghlaim sibh?

- Cén chaoi a raibh an t-uisce agus na grabhróga briosca cosúil lena chéile?
- Cén chaoi a raibh siad difriúil lena chéile?
- An solad nó leacht í grabhróg briosca?
- An féidir solad a dhoirteadh?





# Ag smaoineamh ar sholaid eile

- Scríobhaigí liosta de sholaid bheaga eile.
- An mbíonn na píosaí iontu ar cóimhéid i gcónaí? Cén chaoi a seiceálfaí a leithéid?
- Cén trealamh a d’fhéadfaí a úsáid chun breathnú níos grinne orthu?
- Céard ba mhaith libh a fhoghlaim anois?



# Meastóireacht

Céard a cheapann sibh faoinár g**cuspóirí foghlama** inniu?

- Táim in ann cur síos a dhéanamh ar airíonna solad.
- Táim in ann iniúchadh a dhéanamh ar airíonna solad.
- Táim in ann tuartha, breathnuithe agus comparáidí a dhéanamh.
- Táim in ann mo chuid scileanna breathnóireachta a úsáid chun dhá ábhar a chur i gcomparáid lena chéile.

Má tá sibh muiníneach faoin méid sin, sínigí cúig mhéar in airde, nó sínigí méar amháin más fearr libh an ceacht a phlé arís.





# Buíochas

Sleamhnáin 2, 7 agus 9: íomhánna © Royal Society of Chemistry
Sleamhnán 4: íomhá © Emily Hills/Shutterstock
Sleamhnán 5: foinse na híomhá: pixabay.com (ní theastaíonn admháil)
Sleamhnán 6: íomhá 1 © Moving Moment/Shutterstock; íomhá 2 © vetlana Verbitckaia/Shutterstock; íomhá 3 © Royal Society of Chemistry
Sleamhnán 11: íomhá © Prostock-studiol/Shutterstock